					<table border="1"> <thead> <tr> <th>Cód Cineáil Cinn Scríbe</th> <th>COINSÍNÍ TRÁDÁLAÍ. Sainiú Trádálaí</th> <th>Ionad Seachadta an TRÁDÁLAÍ. Aitheantas an Trádálaí</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>1 - Ceann scríbe – Stóras cánach</td> <td>Uimhir mháil (1)</td> <td>Tagairt do Stóras Cánach (Uimhir Mháil) (5)</td> </tr> <tr> <td>2 - Ceann Scríbe – Coinsíní cláraithe</td> <td>Uimhir mháil (2)</td> <td>Aitheantas ar bith (*)</td> </tr> <tr> <td>3 - Ceann Scríbe – Coinsíní atá cláraithe go sealadach</td> <td>Tagairt údaraithe shealadaigh (4)</td> <td>Aitheantas ar bith (*)</td> </tr> </tbody> </table>	Cód Cineáil Cinn Scríbe	COINSÍNÍ TRÁDÁLAÍ. Sainiú Trádálaí	Ionad Seachadta an TRÁDÁLAÍ. Aitheantas an Trádálaí	1 - Ceann scríbe – Stóras cánach	Uimhir mháil (1)	Tagairt do Stóras Cánach (Uimhir Mháil) (5)	2 - Ceann Scríbe – Coinsíní cláraithe	Uimhir mháil (2)	Aitheantas ar bith (*)	3 - Ceann Scríbe – Coinsíní atá cláraithe go sealadach	Tagairt údaraithe shealadaigh (4)	Aitheantas ar bith (*)	
Cód Cineáil Cinn Scríbe	COINSÍNÍ TRÁDÁLAÍ. Sainiú Trádálaí	Ionad Seachadta an TRÁDÁLAÍ. Aitheantas an Trádálaí																
1 - Ceann scríbe – Stóras cánach	Uimhir mháil (1)	Tagairt do Stóras Cánach (Uimhir Mháil) (5)																
2 - Ceann Scríbe – Coinsíní cláraithe	Uimhir mháil (2)	Aitheantas ar bith (*)																
3 - Ceann Scríbe – Coinsíní atá cláraithe go sealadach	Tagairt údaraithe shealadaigh (4)	Aitheantas ar bith (*)																

A	B	C	D	E	F			G
					4 - Ceann Scríbe – Seachad- adh díreach	Uimhir mháil (3)	(Níl feidhm leis seo)	
					5 - Ceann scríbe - Coinsíní díolmhaithe	(Níl feidhm leis seo)	Aitheantas ar bith (*)	
					6 - Ceann Scríbe – Onnmhair- iú	Uimhir CBL (roghnach)	(Ní ann do <Áit Seachadta an TRÁDÁLAÍ> den ghrúpa sonraí)	
					9 - Ceann Scríbe – Coinsíní deimhnithe	Uimhir mháil (6)	Aitheantas ar bith (*)	
					10 - Ceann scríbe – Coinsíní atá deimh- nithe go sealadach	Tagairt údaraithe shealadaigh (7)	Aitheantas ar bith (*)	
					11 - Ceann Scríbe-Fil- leadh ar áit seolta an choinsín- eora, le haghaidh gluaiseacht B2B le dleacht íoctha	Uimhir Mháil (6) nó Tagairt Údaraithe Shealadaigh (7)	Aitheantas ar bith (*)	
					(1) Is é 'Coimeádaí údaraithe stórais' cineál oibreora an choinsíní. Aitheantóir atá ann cheana <Uimhir Mháil an Trádálaí > sa tsraith < ÚDARÚ TRÁDÁLAÍ>;			

A	B	C	D	E	F	G
					<p>(2) Is é 'Coinsíní cláraithe' cineál oibreora an choinsíní. Aitheantóir atá ann cheana &lt;Uimhir Mháil an Trádálaí &gt; sa tsraith &lt; ÚDARÚ TRÁDÁLAÍ&gt;;</p> <p>(3) Is é 'Coimeádaí údaraithe stórais' nó 'Coinsíní cláraithe' cineál oibreora an choinsíní. Aitheantóir atá ann cheana &lt;Uimhir Mháil an Trádálaí &gt; sa tsraith &lt; ÚDARÚ TRÁDÁLAÍ&gt;;</p> <p>(4) Is é "Coinsíní atá cláraithe go sealadach" cineál oibreora an choinsíní. &lt;Tagairt Údaraithe Shealadaigh&gt; atá ann cheana sa tsraith &lt;ÚDARÚ SEALADACH&gt;;</p> <p>(5) Aitheantóir atá ann cheana &lt;Tagairt Stórais Cánach&gt; sa tsraith &lt;STÓRAS CÁNACH&gt;;</p> <p>(6) Is é 'Coinsíní deimhnithe' cineál oibreora an choinsíní. Aitheantóir atá ann cheana &lt;Uimhir Mháil an Trádálaí &gt; sa tsraith &lt; ÚDARÚ TRÁDÁLAÍ&gt;;</p> <p>(7) Is é 'Coinsíní atá deimhnithe go sealadach' cineál oibreora an choinsíní. &lt;Tagairt Údaraithe Shealadaigh&gt; atá ann cheana sa tsraith &lt;ÚDARÚ SEALADACH&gt;;</p> <p>(*). Maidir leis an áit seachadta, ciallaíonn 'Aitheantas ar bith': uimhir CBL nó aon aitheantóir eile; tá sé roghnach. (féach Liosta cód 1 agus Liosta cód 2 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 612/2013, más infheidhme)</p>	
	b	Uimhir EORI	C	<p>— 'O' más ionann &lt;Cód Cineáil Cinn Scríbe&gt; agus 'Ceann Scríbe - Onnmhairiú'</p> <p>— Níl feidhm aige ina mhalairt de chás</p>	Tabhair uimhir EORI an duine atá freagrach as an dearbhú onnmhairiúcháin a thaisceadh mar a leagtar amach in Airteagal 21(2) de Threoir (AE) 2020/262.	an..17
	c	Ainm an Trádálaí	R			an..182
	d	Ainm na Sráide	R			an..65
	e	Uimhir na Sráide	O			an..11
	f	Postchód	R			an..10
	g	Cathair	R			an..50

A	B	C	D	E	F	G
	<i>h</i>	NAD_LNG	R		<i>Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.</i>	a2
4		OIFIG CINN SCRÍBE	R			
	<i>a</i>	Uimhir Thagartha na hOifige	R		<i>(féach Liosta cód 4 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636)</i>	an8
5		FOLÁIREAMH	R			
	<i>a</i>	Dáta an Foláirimh	R			dáta
	<i>b</i>	bratach e-AD diúltaithe	R		Tá an Boole i bhformáid dhigiteach: '0' nó '1' ('0' = Níl nó Bréagach; '1' = Tá nó Fíor).	n1
6		<i>Cód na CÚISE le FOLÁIREAMH NÓ DIÚLTÚ E-AD/E-SAD</i>	C	— 'R' más ta < Bratach diúltaithe e-AD/e-SAD > Fíor — 'O' ina mhalairt de chás	—	9x
	<i>a</i>	Cód maidir le Cúis le Foláireamh nó Diúltú na Gluaiseachta	R		<i>(Féach Liosta cód 5 in Iarscríbhinn II)</i>	n..2
	<i>b</i>	Faisnéis Fhorlíontach	C	— 'R' más ionann <Cóid na Cúise le Foláireamh nó Diúltú na Gluaiseachta > agus 'Eile' — "O" seachas sin <i>(féach Cód na Cúise le Foláireamh nó Diúltú Gluaiseachta i mbosca 6a)</i>		an..350
	<i>c</i>	Faisnéis Fhorlíontach_LNG	C	— 'R' má úsáidtear an réimse/na réimsí téacs comhfhreagracha — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	<i>Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.</i>	a2

Tábla 15

(dá dtagraítear in Airteagal 6a)

## Iarratas ar Dhúnadh de Láimh

A	B	C	D	E	F	G
1		TRÉITH	R			
	a	ARC	R		Tabhair ARC an e-AD/e-SAD. (féach Liosta cód 2 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636)	an21
	b	Uimhir Sheichimh	R		Tabhair uimhir sheichimh an e-AD/e-SAD.	n..2
	c	Cód na Cúise le hIarratas ar Dhúnadh de Láimh	R		(Féach Liosta cód 16 in Iarscríbhinn II)	n1
	d	Comhlánú na Cúise ar Dhúnadh de Láimh	C	— 'R' más ionann <Cód na Cúise le hIarratas ar Dhúnadh de Láimh> agus 'Eile' — 'O' seachas sin		an..999
	e	Comhlánú LNG na Cúise ar Dhúnadh de Láimh	C	— 'R' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
2		DOICIMÉID TACAÍOCHTA	O			9x
	a	Tuairisc Ghairid ar Dhoiciméad Tacaíochta	C	— "R" más ionann <Cineál Doiciméid Tacaíochta> agus "Eile" — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás		an..999
	b	Tuairisc Ghairid ar Dhoiciméad Tacaíochta LNG	C	— 'R' má úsáidtear an réimse/na réimsí téacs comhfhreagracha — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
	c	Tagairt an Doiciméid Tacaíochta	C	Ní mór ceann amháin ar a laghad, as measc na dtrí réimse seo, a bheith ann: — <Cineál Doiciméid Tacaíochta> — <Tagairt Doiciméid Tacaíochta> — <Íomhá den Doiciméad> (féach Íomhá den Doiciméad i mbosca 2e agus an Cineál Doiciméid Tacaíochta i mbosca 2f)		an..999



A	B	C	D	E	F	G
	d	Tagairt an Doiciméid Tacaíochta_LNG	C	<ul style="list-style-type: none"> <li>— ‘R’ má úsáidtear an réimse/na réimsí téacs comhfhreagracha</li> <li>— Níl feidhm aige ina mhalairt de chás</li> </ul>	Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
	e	Íomhá den Doiciméad	C	<p>Ní mór ceann amháin ar a laghad, as measc na dtrí réimse seo, a bheith ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— &lt;Cineál Doiciméid Tacaíochta&gt;</li> <li>— &lt;Tagairt Doiciméid Tacaíochta&gt;</li> <li>— &lt;Íomhá den Doiciméad&gt;</li> </ul> <p>(féach an Tagairt an Doiciméid Tacaíochta i mbosca 2c agus an Cineál Doiciméid Tacaíochta i mbosca 2f)</p>		
	f	Cineál Doiciméid Tacaíochta	C	<p>Ní mór ceann amháin ar a laghad, as measc na dtrí réimse seo, a bheith ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— &lt;Cineál Doiciméid Tacaíochta&gt;</li> <li>— &lt;Tagairt Doiciméid Tacaíochta&gt;</li> <li>— &lt;Íomhá den Doiciméad&gt;</li> </ul> <p>(féach Tagairt don Doiciméad Tacaíochta i mbosca 2c agus Íomhá den Doiciméad i mbosca 2e)</p>	(féach liosta Cód 15 in Iarscríbhinn II)	an..4
3		Ábhar an DÚNTADELÁIMH	O			999X
	a	Tagairt Uathúil Taifid Ábhair	R		<p>Tagraíonn an luach seo do &lt;Tagairt Uathúil Thaifid Ábhair&gt; d’Ábhar an e-AD / e-SAD gaolmhar agus caithfidh sé a bheith uathúil laistigh den teachtaireacht.</p> <p>Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.</p>	n..3
	b	Táscaire ar Ghanntanas nó Farasbarr	O		<p>Is iad seo a leanas na luachanna a d’fhéadfadh a bheith ann:</p> <p>S = Ganntanas</p> <p>E = Farasbarr</p>	a1

A	B	C	D	E	F	G
	<i>c</i>	Ganntanas nó Farasbarr braite	C	— "R" má thugtar <Táscaire Ganntanais nó Farasbairr> — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás (féach Táscaire Ganntanais nó Farasbairr i mbosca 3b)	Ní mór luach na Míre Sonraí a bheith níos mó ná náid.	n..15,3
	<i>d</i>	Cód Táirge Máil	O		(féach Liosta cód 10 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636)	an4
	<i>e</i>	Cainníocht Diúltaithe	O		Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.	n..15,3
	<i>f</i>	Faisnéis Fhorlíontach	O			an..350
	<i>g</i>	Faisnéis Fhorlíontach_LNG	C	— 'R' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2

Tábla 16

(dá dtagraítear in Airteagal 14a)

**Freagairt ar Dhúnadh de Lámhe**

A	B	C	D	E	F	G
<i>I</i>		TRÉITH	R			
	<i>a</i>	ARC	R		Tabhair ARC an e-AD /e-SAD. (féach Liosta cód 2 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636)	an21
	<i>b</i>	Uimhir Sheichimh	R		Tabhair uimhir sheichimh an e-AD / e-SAD	n..2
	<i>c</i>	An dáta a Tháinig na Táirgí Máil	O		An dáta a dtiocfaidh deireadh leis an ngluaiseacht i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle.	dáta

A	B	C	D	E	F	G
	d	Conclúid Dhomhanda na Fála	O		Is iad seo a leanas na luachanna a d'fhéadfadh a bheith ann:  1 = Fáil glactha agus sásúil, 2 = Fáil glactha ach míshásúil, 3 = Fáil diúltaithe, 4 = Fáil diúltaithe go páirteach, 21 = Imeacht glactha agus sásúil, 22 = Imeacht glactha ach míshásúil, 23 = Imeacht diúltaithe.	n..2
	e	Faisnéis Fhorlíontach	O			an..350
	f	Faisnéis Fhorlíontach_LNG	C	— 'R' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	<i>Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.</i>	a2
	g	Cód na Cúise le hlarratas ar Dhúnadh de Láimh	R		<i>(Féach Liosta cód 16 in Iarscríbhinn II)</i>	n1
	h	Comhlánú na Cúise ar Dhúnadh de Láimh	C	— 'R' más ionann <Cód na Cúise le hlarratas ar Dhúnadh de Láimh> agus 'Eile' — 'O' seachas sin		an..999
	i	Comhlánú_LNG na Cúise ar Dhúnadh de Láimh	C	— 'R' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	<i>Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.</i>	a2
	j	Iarratas ar Dhúnadh de Láimh Glactha	R	–	Tá an Boole i bhformáid dhigiteach: '0' nó '1' ('0' = Níl nó Bréagach; '1' = Tá nó Fíor).	n1
	k	Cód na Cúise le Diúltú do Dhúnadh de Láimhe	C	— "R" más ionann <Iarratas ar Dhúnadh de Láimh Glactha> agus "O" — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	<i>(féach liosta cód 17 in Iarscríbhinn II)</i>	n1

A	B	C	D	E	F	G
	<i>l</i>	Comhlánú an Diúltaithe do Dhúnadh de Láimhe	C	— "R" más ionann <Cód na Cúise le Diúltú ar Dhúnadh de Láimh> agus "Eile" — 'O' seachas sin		an..999
	<i>m</i>	Comhlánú an Diúltaithe do Dhúnadh de Láimh_LNG	C	— 'R' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	<i>Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.</i>	a2
2		<i>DOICIMÉID TACAÍOCHTA</i>	O			9x
	<i>a</i>	Tuairisc Ghairid ar Dhoiciméad Tacaíochta	C	— "R" más ionann <Cineál Doiciméid Tacaíochta> agus "Eile" — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás		an..999
	<i>b</i>	Tuairisc Ghairid ar Dhoiciméad Tacaíochta_LNG	C	— "R" má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	<i>Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.</i>	a2
	<i>c</i>	Tagairt an Doiciméid Tacaíochta	C	Ní mór ceann amháin ar a laghad, as measc na dtrí réimse seo, a bheith ann: — <Cineál Doiciméid Tacaíochta> — <Tagairt Doiciméid Tacaíochta> — <Íomhá den Doiciméad> (féach <i>Íomhá den Doiciméad i mbosca 2e agus an Cineál Doiciméid Tacaíochta i mbosca 2f</i> )		an..999
	<i>d</i>	Tagairt an Doiciméid Tacaíochta_LNG	C	— 'R' má úsáidtear an réimse/na réimsí téacs comhfhreagracha — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	<i>Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.</i>	a2
	<i>e</i>	Íomhá den Doiciméad	C	Ní mór ceann amháin ar a laghad, as measc na dtrí réimse seo, a bheith ann: — <Cineál Doiciméid Tacaíochta> — <Tagairt Doiciméid Tacaíochta> — <Íomhá den Doiciméad> (féach <i>an Tagairt an Doiciméid Tacaíochta i mbosca 2c agus an Cineál Doiciméid Tacaíochta i mbosca 2f</i> )		

A	B	C	D	E	F	G
	f	Cineál Doiciméid Tacaíochta	C	Ní mór ceann amháin ar a laghad, as measc na dtrí réimse seo, a bheith ann: — <Cineál Doiciméid Tacaíochta> — <Tagairt Doiciméid Tacaíochta> — <Íomhá den Doiciméad> (féach Tagairt don Doiciméad Tacaíochta i mbosca 2c agus Íomhá den Doiciméad i mbosca 2e)	(féach liosta Cód 15 in Iarscríbhinn II)	an..4
3		Ábhar an DÚNTADELÁIMH	O			999X
	a	Tagairt Uathúil Taifid Ábhair	R		Tagraíonn an luach seo do <Tagairt Uathúil Thaifid Ábhair> d'Ábhar an e-AD /e-SAD gaolmhar agus caithfidh sé a bheith uathúil laistigh den teachtaireacht. Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.	n..3
	b	Táscaire ar Ghanntanas nó Farasbarr	O		Is iad seo a leanas na luachanna a d'fhéadfadh a bheith ann:  S = Ganntanas E = Farasbarr	a1
	c	Ganntanas nó Farasbarr braite	C	— "R" má thugtar <Táscaire Ganntanais nó Farasbairr> — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás (féach Táscaire Ganntanais nó Farasbairr i mbosca 3b)	Ní mór luach na Míre Sonraí a bheith níos mó ná náid.	n..1,5,3
	d	Cód Táirge Máil	O		(féach Liosta cód 10 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636)	an4
	e	Cainníocht Diúltaithe	O		Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.	n..1,5,3
	f	Faisnéis Fhorlíontach	O			an..350
	g	Faisnéis Fhorlíontach_LNG	C	— 'R' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach — Níl feidhm aige ina mhalairt de chás	Tabhair an cód teanga a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, Liosta cód 1 chun an teanga a úsáidtear sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2'

## IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II, cuirtear na liostaí cóid comhfhreagracha seo a leanas in ionad na liostaí cóid 1, 2, 4, 5, 6, 8, 11, 15 agus 16:

**“Liosta cód 1: ID comhghaoil leantaigh**

Réimse	Ábhar	Cineál Réimse	Samplaí
1	Bliain	Uimhriúil 2	5
2	Aitheantóir an Riaracháin Náisiúnta inar cuireadh an teachtaireacht isteach ar dtús	Aibítreach 2	ES
3	Cód saor in aisce a sannadh go náisiúnta	Alfa-uimhriúil 21	ARC
4	Comhlánú	Alfa-Uimhriúil 3	123

Is é réimse 1 an dá dhigit dheireanacha den bhliain.

Baintear Réimse 2 de liosta an Chóid Tíre (*féach liosta cód 3 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/1636*).

Ní mór Réimse 3 a líonadh le haitheantóir a shanntar go náisiúnta. I gcásanna áirithe, maidir leis an ID Comhghaoil Leantaigh is féidir leis a bheith ina ARC.

I Réimse 4 tugtar comhlánaítear réimse 3 chun aitheantóir uathúil a dhéanamh le chéile (mar shampla, i gcás Obair Leantach (Aitheantas comhghaoil i gcás go ndéileálann roinnt teachtaireachtaí oibre leantaí leis an ARC céanna.)

**Cód liosta 2: Uimhir na tuarascála teagmhas/Tagairt na tuarascála rialaithe**

Réimse	Ábhar	Cineál Réimse	Samplaí
1	Aitheantóir an Riaracháin Náisiúnta i gcás ina ndéantar an tuarascáil a bhailíochtú	Aibítreach 2	ES
2	Sannta ar bhonn náisiúnta, cód uathúil	Alfa-uimhriúil 13	2005YTE17UIC2
3	Seicdhigit	Uimhriúil 1	9

Baintear Réimse 1 de liosta an Chóid Tíre (*féach liosta cód 3 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmlichte (AE) 2022/1636*).

Ní mór Réimse 2 a líonadh le haitheantóir uathúil in aghaidh na tuarascála. Tá an bealach a úsáidtear an réimse seo faoi fhreagracht MSAnna, ach ní mór uimhir uathúil a bheith le gach tuarascáil. Is féidir, ach níl sé éigeantach, go bhfuil an bhliain ann nuair a cuireadh an tuarascáil isteach ar dtús (mar a mholtar sa sampla).

I Réimse 3 tugtar an dhigit seiceála don aitheantóir iomlán, rud a chuideoidh le hearráid a bhrath agus an t-aitheantóir sin á chur in oiriúint.”

**”Liosta cód 4: Cúiseanna le Diúltú**

Cód	Tuairisc
0	Eile
1	Níorbh fhéidir an fiosrú nó an fhaisnéis a iarradh a údarú faoi dhlíthe nó faoi chleachtais riaracháin an Bhallstáit iarrtha dá úsáid féin (e.g. Faisnéis faoi rún)
2	(forchoimeáda)
3	Nochtadh a thagann salach ar bheartas poiblí an stáit - Mar thoradh ar fhaisnéis a sholáthar, nochtfaí rún tráchtála, tionsclaíoch nó gairmiúil nó próiseas tráchtála, nó sa chás go dtiocfadh nochtadh na faisnéise sin salach ar an mbeartas poiblí

Cód	Tuairisc
4	Dhiúltaigh údarás breithiúnach de chuid an Riaracháin Náisiúnta iarrtha aistriú faisnéise atá faoina rialú a cheadú.
5	Baineann an t-iarratas le faisnéis nach bhfuil ar fáil a thuilleadh mar gheall ar rialacha náisiúnta coinneála sonraí (5 bliana nó níos mó ar a laghad)
6	Níor bhain an t-údarás iarrthach leas as na gnáthfhoinsí faisnéise a d'fhéadfadh sé a úsáid sna himthosca
7	Le líon agus cineál na n-iarratas ar fhaisnéis arna ndéanamh ag an údarás iarrthach laistigh de thréimhse shonrach forchuirtear ualach riaracháin díreireach ar an údarás iarrtha sin;
8	Níl an Riarachán Náisiúnta iarrtha ábalta, ar chúiseanna dlí, faisnéis den chineál céanna a sholáthar
9	Níor thriail an coinsíneoir na hacmhainní go léir a bhí ar fáil dó chun cruthúnas a fháil go bhfuil deireadh tagtha le gluaiseacht earraí máil idir na Ballstáit
10	Ní dhearnadh seiceáil ar bith
11	As raon feidhme 389/2012 (e.g. Naples II)

#### Liosta cód 5: Cúiseanna le foláireamh nó diúltú e-AD

Cód	Tuairisc
0	Eile
1	Ní bhaineann an e-AD/e-SAD a fuarthas leis an bhfaighteoir
2	Ní thagann an táirge/na táirgí máil leis an ordú
3	Ní thagann an chainníocht/na cainníochtaí leis an ordú

#### Liosta cód 6: Cineálacha fianaise

Cód	Tuairisc
0	Eile
1	Forchoimeáda
2	Tuairisc na bPóilíní
3	Tuairisc seachas na Póilíní nó Custaim
4	Tuairisc Custaim'

#### "Liosta cód 8: Iarr Cúis

Cód	Tuairisc
0	Eile
1	Tuairisc fála/onnmhairithe seolta ar ais chuig an gcoinsíneoir
2	Farrasbar nó ganntanas luaite ag teacht na n-earraí

Cód	Tuairisc
4	Diúltaíodh e-AD/e-SAD a cuireadh isteach toisc nár tháinig sé le taifead SEED an choinsíní - is é an t-iarratas tuilleadh faisnéise a iarraidh
6	An ndearnadh earraí/cainníochtaí a shonraítear ar e-AD/e-SAD a iontráil i dtaifid stoic an choinsíní?
7	Seiceáil gur fhág na hearraí an tAontas Eorpach i ndáiríre (an dáta a deimhníodh an t-onnmhairiú de réir custaim)
8	Earraí a chur faoi nós imeachta custam fionraíochta (stóras onnmhairithe, stóras biataíochta, próiseáil amach, etc.)
9	Aisíocaíocht na dleachta máil iarrtha
10	Seiceálacha ar an láthair
11	Níor seoladh cóip 3 ar ais chuig an gCoinsíneoir
12	Forchoimeád Chóip 3 a formhuiníodh chun farasbarr nó cailleanais a thaispeáint
13	Deimhniú an Fháiltais Neamhiomlán
14	Uimhir Mháil an Choinsíní nach bhfuil in SEED
15	Sonra Scriosta/Róscríofa gan Formhuiniú Oifigiúil
16	Iarratas ar Dhúnadh de láimh
17	Ní heol an Stádas Onnmhairiúcháin
18	Iarraidh ar chur isteach ar ghluaiseacht
19	Agallamh a chur ar ionadaí údaraithe
20	Doiciméad cúltaca
21	Cruthaíodh dhá e-AD/e-SAD don choinsíneacht chéanna
22	Soiléiriú maidir le cineál nó cainníocht na n-earraí
23	Diúltaíodh glacadh leis na hearraí
24	Imscrúdú máil leanúnach
25	Amhras faoi neamhrialtacht'

**“Liosta cód 11: Níl beart um chomhar riaracháin ina chúiseanna féideartha**

Cód	Tuairisc
0	Eile
1	Faisnéis ar iarraidh
2	Forchoimeáda
3	Am ar iarraidh
4	Imscrúdú cuimsitheach ar oibreoir eacnamaíoch leanúnach, ní féidir freagra gearrthéarmach a thabhairt
5	Níorbh fhéidir dul i dteagmháil leis an trádálaí
6	Trádálaí ar iarraidh'



**"Liosta cód 15: Cineál Doiciméid**

Cód	Tuairisc
0	Eile
1	e-AD
2	SAAD nó e-SAD
3	Sonrasc
4	Nóta seachadta
5	CMR
6	Bille luchtá
7	Way Bill
8	Conradh
9	Iarratas Trádálaí
10	Taifead oifigiúil
11	Iarratas
12	Freagra
13	Doiciméid chúltaca, Asprionta Cúltaca
14	Grianghraf
15	Dearbhú onnmhairiúcháin
16	Taifead Onnmhairiúcháin Réamh-Mheasta
17	Torthaí an Imeachta
18	SAD (Doiciméad Aonair Riaracháin)
19	Deimhniú táirgeora bhig neamhspleách deochanna alcólacha
<CÓD TARIC>	Aon chód TARIC a úsáidtear i "mbosca 44" den SAD

**Liosta cód 16: Cúiseanna le hIarratas ar Dhúnadh de Láimh**

Cód	Tuairisc
0	Eile
1	Dúnadh an onnmhairiú ach níl IE518 ar fáil
2	Níl an coinsíní nasctha le EMCS a thuilleadh
3	Coinsíní díolmhaithe
4	Deimhníodh an t-imeacht ach níor tíolacadh IE829 (IE818 as seicheamh)
5	Níl aon ghluaiseacht ann ach ní féidir cealú a dhéanamh a thuilleadh
6	Eisiúintí iomadúla e-ADanna/e-SADanna le haghaidh gluaiseacht aonair
7	ní chlúdaíonn e-AD/e-SAD gluaiseacht iarbhr
8	Tuairisc earráideach fála
9	Diúltú earráideach e-AD/e-SAD'

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/2574 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Nollaig 2022

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 552 (11) den Chomhaontú sin ar lena linn a fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe maolú ón oibleagáid sonraí i dTaifead Ainmneacha Paisinéirí na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2)(a), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 542 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile <sup>(2)</sup>, leagtar amach i dTeideal III de Chuid a Trí (FORFHEIDHMIÚ AN DLÍ AGUS COMAHR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA) den chomhaontú sin rialacha faoinar féidir sonraí i dtaifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a aistriú chuig údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus faoina bhféadfaidh na húdaráis sin iad a phróiseáil agus a úsáid i gcás eiltí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, agus leagtar amach ann na bearta cosanta sonracha i ndáil leis sin.
- (2) Déantar foráil le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go bhfuil an Ríocht Aontaithe le sonraí PNR na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht as an tír, ach amháin i gcás ina léirítear i measúnú riosca gur gá na sonraí PNR sin a choinneáil.
- (3) Déantar foráil le hAirteagal 552 (11) den Chomhaontú Trádála agus Comhair gur féidir leis an Ríocht Aontaithe maolú ó mhír 4 den Airteagal sin ar bhonn sealadach ar feadh tréimhse eatramhaí, go dtí go mbeidh coigeartuithe teicniúla curtha chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe ar a córais próiseála PNR a luaithe agus is féidir. Le linn na tréimhse eatramhaí sin, tá údarás inniúil na Ríochta Aontaithe le cosc a chur ar úsáid na sonraí PNR atá le scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair trí na bearta cosanta breise a liostaítear in Airteagal 552(11), pointí (a) go (d) den Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí PNR sin.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 552(12)(a) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá an chomhlacht riaracháin neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 552(7) den Chomhaontú Trádála agus Comhair chun tuairisciú ar cibé ar cuireadh na bearta cosanta sonraí i bhfeidhm go héifeachtach, agus tá údarás maoirseachta na Ríochta Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 525(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair le tuairim faoin méid sin a chur ar fáil.

<sup>(1)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.

<sup>(2)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

- (5) Déantar foráil le hAirteagal 552(10) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go bhfuil feidhm ag Airteagal 552(11) den Chomhaontú Trádála agus Comhair mar gheall ar na himthosca speisialta a chuireann bac ar an Ríocht Aontaithe na coigeartuithe teicniúla is gá a dhéanamh chun na córais próiseála PNR a d'oibrigh an Ríocht Aontaithe fad a bhí feidhm ag dlí an Aontais maidir léi a iompú ina gcórais lena bhféadfaí sonraí PNR a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.
- (6) Déantar foráil le hAirteagal 552(13) den Chomhaontú Trádála agus Comhair i gcás ina mbeidh na himthosca speisialta dá dtagraítear in Airteagal 552(10) den Chomhaontú Trádála agus Comhair fós ann, go bhfuil an Chomhairle Comhpháirtíochta le síneadh bliana a chur leis an tréimhse eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 552(11) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Rinne an Chomhairle Comhpháirtíochta cinneadh chuige sin an 21 Nollaig 2021, agus ar an gcaoi sin cuireadh síneadh leis an tréimhse eatramhach go dtí an 31 Nollaig 2022 (\*).
- (7) Faoi na coinníollacha céanna agus, ina theannta sin, má léiríonn an Ríocht Aontaithe go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta aici maidir lena córais próiseála PNR a iompú ina gcórais lena bhféadfaí sonraí PNR a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, cé nárbh fhéidir iad a iompú go hiomlán chuige sin go fóill, cuirfidh an Chomhairle Comhpháirtíochta síneadh bliana, arb é an ceann deiridh é, leis an tréimhse eatramhach, is é sin go dtí an 31 Nollaig 2023.
- (8) Tá feidhm ag Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*) maidir le húsáid PNR chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh laistigh den Aontas i gcomhréir leis na Conarthaí.
- (9) An 29 Meán Fómhair 2022, chuir an Ríocht Aontaithe measúnú de bhun Airteagal 552(12)(b) den Chomhaontú Trádála agus Comhair faoi bhráid an Choiste Speisialaithe maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ('an Coiste Speisialaithe').
- (10) Tháinig an Ríocht Aontaithe ar an gconclúid ina measúnú go bhfuil na himthosca speisialta dá dtagraítear in Airteagal 552(10) den Chomhaontú Trádála agus Comhair fós ann agus go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta maidir lena córais próiseála PNR a iompú ina gcórais lena bhféadfaí sonraí PNR a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, cé nárbh fhéidir iad a iompú go hiomlán chuige sin go fóill. Thug an Ríocht Aontaithe dá haire gur dhear sí agus gur thóg sí acmhainn chun sonraí PNR a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus go bhfuil an acmhainn sin i mbun chéim na tástála béite. Ina theannta sin, luaigh an Ríocht Aontaithe go raibh sí ag forbairt próiseas measúnaithe riosca uathoibrithe bunaithe ar fhianaise oibiachtúil chun a chinneadh cad iad na sonraí PNR atá le coinneáil tar éis do na paisinéirí imeacht as an Ríocht Aontaithe. De bhun Airteagal 552(13) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, rinne an Coiste Speisialaithe tuarascáil na Ríochta Aontaithe a mheas an 13 Deireadh Fómhair 2022.
- (11) An 29 Meán Fómhair 2022, chuir an Ríocht Aontaithe tuarascáil de bhun Airteagal 552(12)(a) den Chomhaontú Trádála ón gcomhlacht riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 552(7) den Chomhaontú Trádála agus Comhair faoi bhráid an Choiste Speisialaithe, mar aon le barúil ó údarás maoirseachta na Ríochta Aontaithe um chosaint sonraí dá dtagraítear in Airteagal 525 (3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, lena leagtar amach cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart cosanta dá bhforáiltear in Airteagal 552(11) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.
- (12) De bhun Airteagal 552(13) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, rinne an Coiste Speisialaithe tuarascáil na Ríochta Aontaithe a mheas an 13 Deireadh Fómhair 2022. An tráth sin, d'fhreagair an Ríocht Aontaithe roinnt ceisteanna ón Aontas agus chuir sí faisnéis bhreise ar fáil faoi chur i bhfeidhm na mbeart cosanta sonraí, faisnéis a chomhaontaigh sí a chur ar fáil i scríbhinn ina dhiaidh sin.
- (13) An 21 Samhain 2022, thíolaic an Ríocht Aontaithe an fhaisnéis bhreise sin i scríbhinn. Meastar, dá bhrí sin, go bhfuil na himthosca speisialta dá dtagraítear in Airteagal 552(10) den Chomhaontú Trádála agus Comhair fós ann, agus gur léirigh an Ríocht Aontaithe go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta aici maidir lena córais próiseála sonraí PNR a iompú ina gcórais lena bhféadfaí sonraí PNR a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála

(\*) Cinneadh Uimh. 2/2012 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 21 Nollaig 2021 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse eatramhach ar lena linn a fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe maolú ón oibleagáid sonraí i dTaifead Ainmneacha Paisinéirí na bpaisinéirí a scríosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe, (IO L 467, 29.12.2021, lch. 6).

(\*) Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).

agus Comhair, cé nárbh fhéidir iad a iompú go hiomlán chuige sin go fóill. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 552(13) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ba cheart don Chomhairle Comhpháirtíochta síneadh bliana, arb é an ceann deiridh é, a chur leis an tréimhse eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 552(11) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, go dtí an 31 Nollaig 2023.

- (14) Is é an Coiste Speisialaithe an chomhlacht inniúil chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair lena n-áirítear an measúnú bliantúil atá comhlacht riaracháin neamhspleách na Ríochta Aontaithe a dhéanamh de bhun Airteagal 552(7) den Chomhaontú Trádála agus Comhair ar an gcur chuige atá á chur i bhfeidhm ag údarás inniúil na Ríochta Aontaithe maidir leis an ngá atá le sonraí PNR a choinneáil de bhun Airteagail 552 (4). Meastar go mbeidh na coigeartuithe teicniúla uile is gá curtha i gcrích ag an Ríocht Aontaithe faoin 31 Nollaig 2023 chun go mbeidh a córais próiseála PNR in ann sonraí PNR a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 552(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus go gcuirfidh sí ‘an Coiste Speisialaithe’ ar an eolas faoi.
- (15) Tá an Comhaontú Trádála agus Comhair ina cheangal ar na Ballstáit uile de bhua Chinneadh (AE) 2021/689, Cinneadh a bhfuil Airteagal 217 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina bhunús dlí substainteach aige.
- (16) Tá an Danmhairg agus Éire faoi cheangal ag Cuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair de bhua Chinneadh (AE) 2021/689 agus dá bhrí sin tá siad rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo lena gcuirtear an Comhaontú Trádála agus Comhair chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bhunú le hAirteagal 7(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, teacht ar chomhaontú maidir leis an dara síneadh go dtí an 31 Nollaig 2023, arb é an ceann deiridh é, ar an tréimhse eatramhach, ar lena linn a fhéadfaidh an Ríochta aontaithe maolú ón oibleagáid sonraí i dtaifead ainmneacha paisinéirí na bpaisinéirí a scríosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 552(13) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

#### *Airteagal 2*

Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

#### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. SÍKELA

**CINNEADH (AE) 2022/2575 ÓN gCOMHAIRLE****an 19 Nollaig 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta a ghlacadh chun liosta de dhaoine aonair atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de bhinse eadrána faoin gComhaontú sin a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile <sup>(1)</sup> ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), tugadh i gcrích é le Cinneadh (AE) 2021/689 <sup>(2)</sup> ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.
- (2) De bhun Airteagal 752(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá an Chomhairle Comhpháirtíochta, arna bunú le hAirteagal 7(1) den Chomhaontú sin, le liosta de dhaoine aonair atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de bhinse eadrána a bhunú. Tá trí fholiosta le bheith sa liosta: foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn tograí ón Aontas; foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn tograí ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe'); agus foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar den dá Pháirtí iad a fhóndáil mar chathaoirleach don bhinse eadrána.
- (3) Tá cúigear ar a laghad le háireamh ar gach foliosta.
- (4) De bhun Airteagal 741(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá na headránaí uile le bheith ina ndaoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, agus a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dúr féin nó atá ina ndlí-eolaithe a bhfuil inniúlacht aitheanta acu. Tá saineolas le bheith léirithe acu sa dlí agus i dtrádáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear saineolas faoi ábhair shonracha a chumhdaítear faoi Theidil I go VII, Caibidil 4 de Theideal VIII, Teidil IX go XII de Cheannteideal a hAon de Chuid a Dó nó Ceannteideal a Sé de Chuid a Dó den Chomhaontú Trádála agus Comhair, nó saineolas sa dlí agus in aon ábhar eile a chumhdaítear leis an gComhaontú sin nó le haon chomhaontú ar forlíonadh air é agus, i gcás cathaoirligh, taithí a bheith acu ar nósanna imeachta um réiteach díospóide.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 752(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, níl daoine atá ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile d'institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit ná de rialtas na Ríochta Aontaithe le bheith ar an liosta sin.
- (6) Ar bhonn na dtograí ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe, tá an Chomhairle Comhpháirtíochta le foliosta d'ochtair maidir le seasamh chathaoirleach an bhinse eadrána a chomhaontú, agus dhá fholiosta de sheisear maidir le seasamh chomhaltaí an bhinse eadrána a chomhaontú.

<sup>(1)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint, (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

- (7) Tá bunú an tseasaimh atá le glacadh thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach sa Chomhairle Comhpháirtíochta a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faoi réir nós imeachta ar leithligh.
- (8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta atá i gceangal leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú ag Airteagal 7(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile.

*Airteagal 2*

Foilseofar an cinneadh ón gComhairle Comhpháirtíochta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. SÍKELA

---

**DRÉACHT**

**CINNEADH UIMH. ... ÓN gCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE**

**AN ...**

**LENA MBUNAÍTEAR LIOSTA DE DHAOINE AONAIR A BHEIDH TOILTEANACH AGUS INNIÚIL AR BHEITH INA GCOMHALTAÍ DE BHINSE EADRÁNA, FAOIN GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR**

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile <sup>(1)</sup> (“an Comhaontú Trádála agus Comhair”), agus go háirithe Airteagal 752(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 752(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá an Chomhairle Comhpháirtíochta le liosta a bhunú de dhaoine aonair a bheidh toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí ar bhinse eadrána. Beidh 15 dhuine ar a laghad ar an liosta sin agus beidh 3 fholiosta ann: (a) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón Aontas; (b) foliosta amháin de dhaoine aonair a bhunófar ar bhonn moltaí ón Ríocht Aontaithe; agus (c) foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar den dá Pháirtí iad a fhónfaidh mar chathaoirleach don bhinse eadrána.
- (2) Áireofar cúigear ar a laghad ar gach foliosta.
- (3) De bhun Airteagal 741 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, beidh na headránaí uile ina ndaoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, agus a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtír féin nó atá ina ndlí-eolaithe a bhfuil inniúlacht aitheanta acu. Beidh saineolas léirithe acu sa dlí agus i dtrádáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear saineolas faoi ábhair shonracha a chumhdaítear faoi Theidil I go VII, Caibidil 4 de Theideal VIII, Teidil IX go XII de Cheannteideal a hAon de Chuid a Dó nó Ceannteideal a Sé de Chuid a Dó, nó saineolas sa dlí agus in aon ábhar eile a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair nó le haon chomhaontú ar forlíonadh air é agus, i gcás cathaoirligh, taithí a bheidh acu ar nósanna imeachta um réiteach díospóide.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 752(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ní bheidh daoine atá ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile d’institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit ná de rialtas na Ríochta Aontaithe ar an liosta sin.
- (5) Ar bhonn na dtograí ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe, is iomchuí don Chomhairle Comhpháirtíochta an dá fholiosta de sheisear maidir le seasamh chomhaltaí an bhoird eadrána a chomhaontú, agus an foliosta d’ochtar maidir le seasamh chathaoirleach an bhinse eadrána a chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an liosta de dhaoine aonair a bheidh toilteanach agus inniúil ar bheith ina n-eadránaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile.

<sup>(1)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh ...

*Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta  
Na Comhchathaoirligh*

---



## IARSCRÍBHINN

- (a) An foliosta de dhaoine aonair arna bhunú ar bhonn moltaí ón Aontas:

Laurence BOISSON DE CHAZOURNES

Irina BUGA

Hélène RUIZ FABRI

Michael HAHN

Crenguța LEAUA

Peter Leo Henri VAN DEN BOSSCHE

- (b) An foliosta de dhaoine aonair arna bhunú ar bhonn moltaí ón Ríocht Aontaithe:

Lorand Alexander BARTELS

Lawrence COLLINS

Jean E. KALICKI

Surya P. SUBEDI

David UNTERHALTER

Janet M. WHITTAKER

- (c) An foliosta de dhaoine aonair ba cheart fónamh mar chathaoirleach don bhinse eadrána:

Leora BLUMBERG

Thomas COTTIER

William J. DAVEY

Gavan GRIFFITH

Valerie HUGHES

Campbell MCLACHLAN

Penelope Jane RIDINGS

J. Christopher THOMAS

---



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)